

Aonad 10 – Ceacht 3



Ceartha Tomhaltóirí Siopadóireacht ar Líne – Bileog an Mhúinteora

1. Tá níos lú ceart agat mar thomhaltóir má cheannaíonn tú ar líne, seachas i siopa.

BRÉAGACH

Má cheannaíonn tú rud éigin ar líne atá fabhtach bíonn na ceartha céanna agat ná mar a bheadh dá gceannófa i siopa é. Má dhéanann díoltóir ar líne cur síos míchruinn duit, b'fhéidir go mbeidh aisíocaíocht ag dul duit freisin.

Nuair a cheannaíonn tú rud ar líne, bíonn 'spás' idir tú féin agus an díoltóir. Tugtar 'ciandiól' air seo agus tá treoirilínte sonracha leagtha amach ag an Aontas Eorpach a bhaineann leis. Caithfidh aon duine a dhíolann ar líne na treoirilínte seo a leanúint. Is rialacha breise iad seo, a threisiúnn do chearta tomhaltóra – a thugann tuilleadh eolais agus ceart duit.

2. Má cheannaíonn tú ó chomhlacht ar líne atá lonnaithe taobh amuigh den Aontas Eorpach, tá níos lú ceart agat ná mar a bheadh agat dá gceannófa ó chomhlacht ar líne atá san Aontas Eorpach.

FÍOR

Má cheannaíonn tú rud ó shuíomh taobh amuigh den Aontas Eorpach, ní bhaineann na rialacha nó treoirilínte seo leis. Ba cheart duit an suíomh a fhiosrú go mion sula gceannaíonn tú aon rud uathu. Má bhíonn aon fhadhb le rud ar bith a cheannaíonn tú uathu, beidh aon aisíoc nó malartú ag brath ar pholasaí an chomhlachta.

3. Má thógann tú cinneadh nach maith leat rud a cheannaigh tú ar líne nuair a fhaigheann tú é, is féidir leat é a sheoladh ar ais agus tá aisíocaíocht iomlán ag dul duit.

FÍOR

Más taobh istigh de 14 lá é, beidh tú clúdaithe faoi rialacha an Aontais Eorpaigh. Tugtar an '**tréimhse shuaimhnithe**' ar an tréimhse seo. Ach ní bhaineann sé ach le hearraí a cheannaítear ar shuíomhanna taobh istigh den Aontas Eorpach.

Taobh istigh den tréimhse shuaimhnithe seo, is féidir leat earra a sheoladh ar ais ar chúis ar bith. Ach má tá tú á sheoladh ar ais toisc gur athraigh tú d'intinn, seans go mbeadh ort an táille phostais a íoc. Más ag seoladh ar ais bunaithe ar fhabht atá tú, níor cheart go mbeadh ort an táille phostais a íoc.



Aonad 10 – Ceacht 3



Ceartha Tomhaltóirí Siopadóireacht ar Líne – Bileog an Mhúinteora

Tá eisceachtaí sna cásanna seo a leanas:

- Earraí pearsanaithe m.sh. Geansaí peile le d'ainm air.
- Earraí somheata
- Nuachtáin nó irisí
- Taifid fhuaimne nó fhiseacha atá oscailte
- Bogearraí ríomhaire atá oscailte
- Seirbhísí cluichíochta nó crannchuir
- Seirbhísí atá tosaithe, le comhthoil uait, taobh istigh den tréimhse shuaimhnithe
- Earraí nó seirbhísí go mbíonn a bpraghsanna socraithe ag margaidh

4. Má tá fabht le hearraí a cheannaíonn tú ar líne nuair a fhaigheann tú iad, tá na cearta céanna agat ná mar a bheadh nuair a cheannaíonn tú na hearraí céanna i siopa.

FÍOR

Má cheannaíonn tú rud éigin ar líne a bhíonn fabhtach, is iondúil gurb ionann do chearta is a bheidís dá gceannófa i siopa é.

Má bhíonn an rud a cheannaíonn tú fabhtach, nó má bhíonn damáiste déanta dó, ba cheart duit nóta a chur go dtí an díoltóir láithreach – trí ríomhphost, trí litir nó facs – agus aisíoc nó malartú a lorg. Má dhéanann tú seo le comhlacht atá lonnaithe san Aontas Eorpach, ní mór don chomhlacht aon táille phostais a íoc.

5. Níl aon chostas breise má cheannaíonn tú earraí ó shuíomh idirlín taobh amuigh den Aontas Eorpach.

BRÉAGACH

Má cheannaíonn tú earra ó áit éigin taobh amuigh den Aontas Eorpach, íocfaidh tú Cáin Bhreisluacha (VAT) má tá luach €22 nó níos airde air. Bíonn oibleagáid dhlíthiúil ort táille allmhaire a íoc ar aon earraí a cheannaíonn tú taobh amuigh den Aontas Eorpach – cosúil le dleacht custaim nó dleacht máil – má bhíonn luach níos mó ná €150 orthu.

